

Comórtas Ghlór na nGael 1998

Clúdaíonn Cumann Forbartha Chois Fharraige an ceantar ó Dhroichead an Spidéil siar go dtí Droichead Chroimghlinne agus cláraíodh an ceantar seo do Chomórtas Ghlór na nGael don chéad uair i 1967. Mar chuid d'obair an choiste do 1998 cuireadh cóip de phlean forbartha cúig bhliana isteach le hiarratas na bliana seo, plean a cuireadh i dtoll a chéile i rith na bliana. Seo a leanas freisin cuid de na teidil agus cuid den eolas a cuireadh ar fáil do mholtóirí an Chomórtais:

<i>Na Cumainn Áitiúla</i>	<i>Cúrsaí Oideachais</i>
<i>Faoin teideal seo liostáileadh na heagrais seo a leanas a dhéanann a gcuid gnaithe ar fad trí Ghaeilge agus gurb í an Ghaeilge an teanga trína bhfeidhmíonn siad:</i> COMHAR CREIDMHEASA CHOIM CILLE: Cuireann sé seirbhísí ar fáil do 2,000 ball. COLÁISTE LURGAN: Reachtáiltear ranganna amhránaíochta agus rincí Gaelacha ann. CUMANN MICHEÁL BREATHNACH: Tá suas le 14 fhoireann faoina gcúram, idir thoirne peile agus iománaíochta, ó aois a 10 mbliana go daoine fásta. Chomh maith le gnáthchluichí na bliana eagraítear ollchomórtais do bhunscoileanna i rith na bliana, imrítear cluichí ceardscoileanna ar an bPáirc agus cuirtear traenáil ar fáil do na gráid éagsúla – gach cúram trí mheán na Gaeilge. AN CUMANN LIATHRÓID LÁIMHE: Cé go mbaineann an Cumann seo le Cumann Micheál Breathnach eagraíonn siad a ngnaithe thein agus a gcuid comórtais thein i rith na bliana.	- Tá scileanna traidisiúnta siúinéireachta agus cloiche á gcur ar fáil trí mheán na Gaeilge sa gceantar faoi scéim F.Á.S. - Leanadh den bhrú atáthar a chur ar an Údarás um ArdOideachais le Foras tríú leibhéal a bhunú sa nGaeltacht. - Feidhmíonn scoileanna an cheantair go hiomlán trí Ghaeilge agus tá polasaí Gaeilge curtha le chéile ag Scoil Sailearna. - Eagraítear cluichí agus ranganna corp-oiliúna trí Ghaeilge do dhaltai na scoile. - Tá dhá naíscoil ag feidhmiú trí Ghaeilge sa gceantar agus tá Eagraíocht Scoileanna Gaeltachta ag feidhmiú ann. <i>Cuireadh roinnt eolais ar fáil freisin faoina teidil seo a leanas:</i> Seirbhísí Poiblí, Cúrsaí Eaglasta, Cúrsaí Gnó an cheantair, Deiseanna/Ócáidí leis an nGaeilge a labhairt, Caidreamh Poiblí, Obair Eile agus Príomhghníomhaíochtaí 1998 – tá siad sin luaite ar leathanach 33 na hirise seo.



Rang Chéad Chomaoineach 1998 - Scoil Sailearna



Gearóid Ó Fátharta, Caoimhín Ó Neachtain, Eoin Davy Ó Coisdealbha.
Buaiteoirí Chomórtais Náisiúnta Slógadh - Agallaimh Beirte - le dhá bhliain anuas.